Luibheanna agus Plandaí Úsáideacha a chur

Tráth Bliana
Ar feadh na bliana.

Cuspóir
Luibheanna a phlandáil i ngarraí na scoile.

Ceangal trasna an Churaclaim

OSIE:	Dúile beo, Feasacht agus Cúram Imshaoil, iniúchadh.
OSPS:	Na céadfaí a úsáid, Dath, boladh, blas, tadhall.
Teangacha:	Focail nua / litriú.
Ealaín:	Comharthaí a dhéanamh / líníocht / luibheanna fáiscthe.
An Curaclam Neamhfhoirmeálta:	Bia Sláintiúil, Food Dudes, Discover Primary Science.

OBAIR Í SEO ATÁ OIRIÚNACH DO NA RANGANNA AR FAD

1 Na hacmhainní is gá

Réimse luibheanna éagsúla i bpotaí, múirín saor ó ábhar móna, myopex nó plaisteach dubh, móta coirte, pícíní láimhe, sluaiste nó lánta, miotóga, lipéid & comharthaí.

Nóta: Is féidir luibheanna a úsáid mar chógas leighis nó le linn cócaireachta. Bíonn leas astu mar go dtarraingíonn siad feithidí agus gur maith iad go minic mar phlandaí comhluadair.

- Is féidir luibheanna a phlandáil i measc glasraí (plandaí bliana); a phlandáil thart ar thoir torthaí agus ar chrainn torthaí (luibheanna scartha, mar shampla, mismín, comfar, neantóga).
- Is féidir réimse faoi leith a leagan amach lena n-aghaidh nó iad a chur i gceapach maisiúcháin.
- Is féidir luibheanna a fhás ón síol nó as gearrthóg (bíonn treoir le fáil i leabhair mhaithe garraíodóireachta).
- Is saoire do chuid féin a fhás ná bheith á gceannach ó ionad garraíodóireachta. Tharlódh go mbeadh plandaí luibheanna ag tuismitheoirí a mbeifí sásta iad a thabhairt don scoil.
- Fásann peirsil, scothóg (lus buí), borráiste, biolar go héasca ón síol (féach an bhileog oibre maidir le síolta a chur).
- Is féidir gearrthóga plandaí a mbíonn an t-adhmad iontu bog a thógáil i rith an t-samhraidh agus is i rith an gheimhridh a thógtar gearrthóga plandaí a mbíonn adhmad crua iontu.
- Is féidir luibheanna atá i bpotaí a chur tráth ar bith den bhliain.
- Is féidir cúram na luibheanna a chur ar na ranganna sóisearacha.

2 Seo a leanas roinnt sampla de luibheanna úsáideacha

Bláthanna ar ábhar bia iad:
Borráiste, Calendula, Nasturtium
Luibheanna a ndéantar tae orthu:
Mismín, Lus na Meala Líomóide, Finéal
Cócaireacht:
Tím, Basal, Lus an Choire, Síobhas, Oragán, Lus Mín, Peirsil

3 Tionscadail Taighde

OSIE – Déan taighde mar gheall ar phlandaí comhluadair: cén fáth ar úsáideach na plandaí iad comfar, neantóga, an chopóg & an caisearbhán?
An Oidhreacht Áitiúil – Cén úsáid a bhainti as luibheanna san am a caitheadh? Cé na luibheanna a úsáidtear anois?
Ealaín/Cumarsáid – déantar pabhsae as luibheanna. Déantar taispeántas le cur sa gharraí nó ar chlár fógraí na Scoileanna Glasa de luibheanna nó de phlandaí úsáideacha a d'fhéadfai a chur sa gharraí. Déantar leabhar treorach faoi luibheanna le luibheanna fáiscthe as an ngarraí.
Adhmadóireacht – déan ceapach luibheanna.
Cócaireacht – déantar tae ar luibh, cuirtear bláthanna itheacháin i sailéad.

Luibheanna agus Plandaí Úsáideacha a chur

Sláinte & Sábháilteacht

Ná himítear ón ngrúpa. Úsáidtear uirlisí go sábháilte. Nitear na lámha tar éis gach seisiún garraíodóireachta. Ní hitear aon rud gan fiafraí de dhuine fásta mar gheall air - tá nimh i roinnt plandaí.

4

Plandaí ar mhaithe le hithir mhéith

Is féidir plandaí comfair agus neantóga a úsáid le bia leachta a dhéanamh do ghlasraí 'ocracha', mar shampla, trátaí, cúcamair, cúirséid agus puimcíní.

Comfar lán le potaisiam a theastaíonn le haghaidh bláthanna agus le haghaidh torthaí.

Neantóga lán le nitrigin a theastaíonn chun ábhar glas a chur ag fás.

Bláthanna úsáideacha sa gharraí

Is iomaí bláth a bhfuil úsáid leo sa gharraí. Is í an phríomhúsáid astu go meallann siad feithidí pailnithe, go gcuireann siad le héagsúlacht agus le dathanna an gharraí.

Féar gortach – bíonn torann spéisiúil uaidh sa ghaoth.

Bíonn síolta itheacháin ó lus na gréine.

Is féidir bláth an Nasturtium a ithe.

Tá boladh álainn ón Sweet Pea.

5

Piseanna & pónairí tá de thréith leo go dtógann siad nitrigin as an aer agus go n-athraítear í go dtí cineál is féidir le plandaí a thógáil isteach. Nuair a bhítear ag glanadh ceapaigh ina raibh piseanna nó pónairí ag fás, gearrtar na gasanna in íochtar agus fágtar na fréamhacha san ithir. Cuirfidh siad nitrigin ar fáil don chéad bharr eile, agus sin an fáth gur iondúil cabáiste a chur sa talamh sin ina ndiaidh nuair a bhíonn uainíocht na mbarr á leanacht.

Feamainn lán le vitimíní agus riandúile.

An Caisearbhán agus an Chopóg plandaí úsáideacha iad seo ó tharla fréamhacha fada acu a théann go domhain i dtalamh agus a thugann aníos mianraí agus dúile ón gcuid sin den ithir.

Is féidir foghlaim le bia leachta a dhéanamh as na plandaí seo - féach an bhileog oibre maidir le Fiailí a Ghlanadh agus Cúram an tSamhraidh.

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board